Filí

Níl sé anois mar ceapann tú san saol úd a ḃí againne
Tá córas is deis taistil ann, tá an doċtúr le fáil saor,
Tá liúntas do luċt leanḃ ann 'gus pinsin mór do ḃaintreaċaí
'S ġá mbeiḃís ċoṁ críonna is ceapann tú naċ pioneers a ḃeaḋ san tír

Asbal

Ní raiḃ cáilíoċt ná caracter a'd, naċ raiḃ do ṁuintir damnaiṫe a'd,
le deaḃlaíoċt is le ácrann is go do triáil ag cúirt dlí,
Scaití fáisgṫí bannaí ort, ní ċuiṁneofá faoi ceann seaċtain air
Aċ san bpríosún ḃíoḋ do leaba-sa is ann a ċaiṫ tú leaṫ do ṡaoil.

Filí

San gcoṁarsanaċt ar ṁair mise ḃí daoine ann ḃí cruaiḋ barainneaċ
d'ólaidís ċoṁ maiṫ liomsa is níor ċaiṫ siad ariaṁ pingin,
na súdairí dul ṫart ansin le súil go nglaoḋfaí isteaċ orṫab
Aċ ní ġaḃfaiḋ leiṫ-pingin rua san talaṁ leo ġá ċruaḋa á ḃfuil a gcroí.

Asbal

Aċ pé ar biṫ cé ċás agam tú go dtógaiḋ sé as m'aṁarc tú
ná bí coinneáil cainte liom aċ fáiġ caṫaoir is suiġ síos,
fan isteaċ le balla ansin go dtagaiḋ an breiṫeaṁ ċoṁ fada leat
mar tá mé cinnte dearḃṫa go ḃfuiġiḋ tú malairt slí

Filí

Aċ ní ṫuigeann tú anois dada faoin spóirt úbaí ḃíoḋ againne
Cruinniṫe i dteaċ a' leanna isteaċ 'sa nóḋṫain ólta a'inn go binn,
na filí go cruinn baileaċ ann, is ann a ḃí a dtabairt amaċ acu
is dá gcaiṫeá bliain in aice leo ní aiṫreoċa ann aċ mí.

Máirtín Ó Curraiḋín.

+++++++++++++++++++++++++++++++

An Deoraí

1.

Áḃar filíoċta is mise ḋá ṫóraíoċt,
Lár mo smaointe ṡeas an deoraí,
T'éis allus fuar a ṡilt ḋá ṫógáil,
É ar fán a' scláḃaíoċt i ngort na coṁarsan.

2.

Duitse fiafraím céard a ṫárla
Taḃair dom freagra údar is áḃar,
Ní gan tsiocair a ċaill sé grá dúinn
Óir is fuar an ḟuil a ṫréigeas nádúr.

3.

Laḃrann mise mar aṫair ċloinne
Níl mé freagraċ 'mo ḋualgas roinne,
Ṫug mé coṁairle is smaċt air ċoinniġ
Lá i n-aġaiḋ na ḋánaíoċt ṫug mé buille.

4.

Ní ḃfuair scléip ná daṁsa cead é ṁilleaḋ
'náit srian a ḃogaḋ d'ḟáisc mé tuille,
Ċas an taoille t'réis raḃarta tuille
Gan slán a ḟágáil d'ḟág is d'imiġ.

5.

Bíoḋ trua do ċroí, mise a ṁáṫair,
Ar mo ṁine géire ṫóg mé páiste,
Aċ d'fás sé suas faoi smaċt an árd spioraḋ
Is ṫug sé céim trí ḃóṫrí cáma.

6.

Mise an deoraí ṫréig na h-Aiṫeannta
Sin ní ḋéanfainn aċ ḃí mé i dteannta,
Ṫar ġleann-is ṫar ċnocán ḃí mé leanta
'S dá ḃfeicfinn réaltóg ḃí mé sceannta.

7.

Tá mé snáṁ ar sruṫ na saoirse
Sé toraḋ ar ball aċ loisceaḋ is daoirse,
Faillí i dteagasc is feall san saol seo,
Lúbtar crann i dtaoḃ na gaoiṫe.

8.

Is cuma ar ball faoi ṁaoin an t-saoil seo,
Ordú an ḃreiṫiúnais sé a ḃéas déanta,
Má ḃí tú cam 's tú ḃéas ṫíos leis,
Filleann feall go mall aċ cinnte.

Seosaiṁ Ó Neaċtain (Joe Steve).